## PREASEISIÚINT Uimh. 53/25

**Lucsamburg, 29 Aibreán 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-452/23 | Fastned Deutschland

# Tugann an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú ar na coinníollacha inar féidir lamháltas a leasú gan nós imeachta dámhachtana nua

*Tá feidhm ag an bhféidearthacht conradh dámhachtana a leasú, faoi choinníollacha áirithe, gan nós imeachta dámhachtana nua, maidir le lamháltas a dámhadh ar dtús ar eintiteas inmheánach, cé go ndearnadh an lamháltóir a phríobháidiú idir an dá linn*

I gcomhthéacs díospóid a bhaineann le síneadh na lamháltas a bhí ann cheana féin chun limistéir seirbhíse ar mhótarbhealaí na Gearmáine a oibriú chun stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil agus a oibriú, rinneadh ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis an bhféidearthacht síneadh den sórt sin a thabhairt, faoi choinníollacha áirithe, gan nós imeachta dámhachtana nua. Measann an Chúirt Bhreithiúnais nach gcuirtear bac leis sin leis an gcaoi gur dámhadh an lamháltas ar dtús d'eintiteas inmheánach cé go ndearnadh an lamháltóir a phríobháidiú idir an dá linn. Ní gá athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht dhámhachtain thosaigh an lamháltais i gcás ina bhfuil gach tréimhse chun cur ina coinne imithe in éag. Ciallaíonn an coinníoll ar dá réir nach mór go mbeadh 'gá' leis an leasú de bharr chúinsí nárbh fhéidir a thuar nach mór go gceanglaítear leis na cúinsí sin an lamháltas a oiriúnú chun a áirithiú gur féidir leanúint dá fheidhmiú cuí.

Oibríonn Autobahn Tank & Rast agus Ostdeutsche Autobahntankstellen thart ar 90% de na pointí athluchtaithe ar mhótarbhealaí feidearálacha na Gearmáine, ar bhonn 360 conradh lamháltais arna dtabhairt i gcrích le Stát na Gearmáine [1]. Rinne Stát na Gearmáine na lamháltais a bhí ann cheana féin a leathnú ina dhiaidh sin, gan nós imeachta dámhachtana nua, chuig suiteáil agus oibriú stáisiún luchtaithe d'fheithiclí leictreacha sna limistéir sin. Cuireann Fastned [2], a oibríonn stáisiúin luchtaithe sa Ghearmáin, i gcoinne an tsínidh sin os comhair chúirt de chuid na Gearmáine.

Rinneadh 280 de na 360 lamháltais sin a dhámhachtain ar dtús gan glao ar thairiscintí ar réamhtheachtaí [3] an dá oibreoir a bhí i gceist idir 1996 agus 1998, ar feadh uastréimhse 40 bliain. An tráth sin, bhí an réamhtheachtaí 100% faoi úinéireacht Stát na Gearmáine, sula ndearnadh é a phríobháidiú go hiomlán.

Measann Fastned go bhfuil an síneadh ar na lamháltais ar phointí athluchtaithe neamhbhailí, ós rud é gur cheart nós imeachta dámhachtana uile-Aontais a bheith ann roimh an síneadh sin.

Rinne an chúirt de chuid na Gearmáine ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais faoi rialacha an Aontais maidir le lamháltais a dhámhachtain, ar lamháltais iad nach mór, i bprionsabal, a bheith oscailte don iomaíocht mar gheall ar a luach [4].

Le ceann amháin de na rialacha sin, ceadaítear, faoi choinníollacha áirithe [5], lamháltas atá ann cheana féin a leasú gan nós imeachta dámhachtana nua nuair atá 'gá' leis an leasú de bharr chúinsí nárbh fhéidir a thuar. Dar le Fastned, níl feidhm ag an riail sin maidir le lamháltais nár dámhadh, ar dtús, i gcomhthéacs glao ar thairiscintí.

Freagraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil feidhm ag an riail atá i gceist freisin i gcás inar dámhadh an lamháltas

ar dtús, gan aon nós imeachta iomaíoch, ar eintiteas inmheánach [6] agus ina ndéantar ábhar an lamháltais sin a leasú ar dháta nach bhfuil stádas eintitis inmheánaigh ag an lamháltóir a thuilleadh. Ní cheanglaítear leis an riail sin a áirithiú go ndéanfaidh na cúirteanna náisiúnta athbhreithniú ar dhlíthiúlacht dhámhachtain thosaigh lamháltais i gcaingean le haghaidh neamhniú ar leasú ar an lamháltas sin, i gcás in bhfuil gach tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne na dámhachtana tosaigh sin imithe in éag.

Sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais freisin gur 'gá' le leasú ar lamháltas, de réir bhrí na rialach céanna, más gá, de bharr chúinsí nárbh fhéidir a thuar, an lamháltas tosaigh a oiriúnú chun a áirithiú gur féidir leanúint dá fheidhmiú cuí.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Trí Autobahn des Bundes, cuideachta a oibríonn faoin dlí príobháideach atá ina mhaoin dhoshannta de chuid Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine.

[2] Ar dtús, chuir Tesla Germany i gcoinne na leasuithe ar na lamháltais in éineacht le Fastned, ach tharraing sé siar iad ina dhiaidh sin.

[3] Tank & Rast AG.

[4] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain.

[5] De réir na forála atá i gceist, tá an fhéidearthacht lamháltas a leasú gan nós imeachta dámhachtana nua faoi réir trí choinníoll ar leith a chomhlíonadh Áirítear dhá ghné sa chéad choinníoll, bhain an chéad cheann le himthosca nach bhféadfadh údarás conarthach dícheallach a thuar agus bhain an dara ceann leis an bhfíoras gur gá an lamháltas lena mbaineann a leasú mar gheall ar na himthosca sin.  Ceanglaítear leis an dara choinníoll nach n-athraítear cineál foriomlán an chonartha lamháltais atá i gceist leis an leasú atá i gceist. Ceanglaítear leis an dtríú coinníoll nach mbeadh an méadú ar luach an chonartha sin níos mó ná 50 % de luach an chonartha lamháltais tosaigh.

[6] Dar leis na rialacha is infheidhme tráth a dámhadh 280 de na 360 lamháltais atá i gceist ar dtús, measadh eintiteas bheith ina eintiteas inmheánach (i)má fheidhmigh an t-údarás conarthach rialú ar an eintiteas sin a bhí cosúil leis an rialú a d'fheidhmigh sé ar a ranna féin, agus (ii) má rinne sé an chuid is mó dá ghníomhaíochtaí leis an údarás conarthach sin.